



Ciorclán L2/23

28 Samhain 2023

Do: Stiúrthóir Seirbhíse do Sheirbhísí Uisce Tuaithe

cc: Oifigeach Idirchaidrimh Uisce Tuaithe

**Re: Córas Athbhreithnithe Cóireála Fuíolluisce Tí (DWWTs)
Scéimeanna Deontais**

Táim ag scríobh chun a chur in iúl duit go ndearna an tAire athbhreithniú le déanaí ar scéimeanna deontais an Chórais Cóireála Fuíolluisce Tí (DWWTs) nuair a foilsíodh na rialacháin nua seo a leanas, a thiocfaidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024:

- **Rialacháin na Tithíochta (Deontas um Chórais Cóireála Dramhuisce Tí faoin bPlean Cigireachta Náisiúnta) 2023 (I.R. Uimh. 562 de 2023)**
- **Rialacháin na Tithíochta (Deontas na gCóras Cóireála Dramhuisce Tí do Limistéir Ghníomhaíochta Tosaíochta), 2023 (I.R. Uimh. 563 de 2023)**
- **Rialacháin na Tithíochta (Deontas na gCóras Cóireála Dramhuisce Tí do Limistéir Chuspóra Ard-Stádais), 2023 (I.R. Uimh. 564 de 2023)**

Tá cóip de na Rialacháin nua faoi iamh, mar aon leis na Téarmaí agus Coinníollacha agus na foirmeacha ábhartha a theastaíonn le haghaidh gach deontais.

Is iad seo a leanas na hathruithe ar théarmaí agus coinníollacha na dtrí scéim deontais:

- an deontas uasta atá ar fáil a mhéadú go €12,000 ó €5,000;
- deireadh a chur leis an riachtanas incháilitheachta gur chláraigh sealbhóirí tí an DWWTs lena n-údarás áitiúil roimh an 1 Feabhra 2013.

Tá na deontais ar fáil chun cabhrú le sealbhóirí tí costas na n-oibreacha a bhaineann le DWWTs atá ag freastal ar theach a leasú, a dheisiú, a uasghrádú nó a athsholáthar, sna cásanna seo a leanas:

1. go bhfaigheann an sealbhóirí tí Fógra Comhairleach, tar éis cigireacht údaráis áitiúil ar theip air a rinneadh faoin bPlean Cigireachta Náisiúnta;
2. tá an teach suite i Limistéar Tosaíochta le haghaidh Ghníomhaíochta, mar atá sonraithe faoin bPlean Bainistíochta Abhantrach 2018-2021; nó



3. tá an teach suite i nDobharcheantar Cuspóir Ardstádais, mar atá faoin bPlean Bainistíochta Abhantrach 2018-2021.

Aistriú idir rialacháin atá ann cheana agus rialacháin nua

Sa chás go bhfuil iarratas ar dheontas faighte ag an údarás áitiúil agus nach bhfuil an deontas íoctha fós leis an sealbhóir tí, b'fhéidir gur mhaith leat an t-iarratas a bhreithniú faoi na téarmaí agus coinníollacha nua, atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

Oibriú an Deontais

Ní mór na foirmeacha seo a leanas a chomhlánú mar chuid den phróiseas iarratais:

- | | | |
|-----------------|--|------------------------------------|
| • Deontas NIP | Foirm Éilimh Íocaíochta | DWWTS NIP (a) |
| • Deontas PAA | Foirm Iarratais
Foirm Éilimh Íocaíochta | DWWTS PAA (a)
DWWTS PAA (b) |
| • Deontas HOSCA | Foirm Iarratais
Foirm Éilimh Íocaíochta | DWWTS HSOCA (a)
DWWTS HSOCA (b) |

Tá sé tábhachtach go gcuirfí sonraí teagmhála an údaráis áitiúil ábhartha, lena n-áirítear lógónna isteach ar na foirmeacha go léir. Níor cheart aon athruithe ná modhnuithe breise a dhéanamh ar na foirmeacha.

Ba cheart na doiciméid atá san áireamh sa chiorclán seo a fhoilsiú i ngach suíomh ábhartha, lena n-áirítear naisc ar gach suíomh gréasáin cuí.

Is féidir iarratais ar fhorchúiteamh deontas a d'íoc údaráis áitiúla a chur isteach ag baint úsáide as an bhfoirm infheidhme atá liostaithe thíos, chuig Aonad Uisce Tuaithe na Roinne ag rural.water@housing.gov.ie

- | | |
|------------------|-------------------------------------|
| 1. Deontas NIP | Foirm DWWTS 1 agus Sceideal DWWTS 1 |
| 2. Deontas PAA | Foirm DWWTS 2 agus Sceideal DWWTS 2 |
| 3. Deontas HOSCA | Foirm DWWTS 3 agus Sceideal DWWTS 3 |

Monatóireacht agus Maoirseacht

Déanfaidh Aonad Uisce Tuaithe na Roinne monatóireacht ar an gcaiteachas iomlán faoi gach ceann de na scéimeanna. Tá gach caiteachas faoi na scéimeanna faoi réir iniúchta, dá bhrí sin, chun riachtanais iniúchóireachta a chumasú agus chun cabhrú leo:

- a chinntiú gur féidir lena gcórais faisnéis ábhartha faoi éilimh a bhaint amach ag gach céim m.sh. éilimh nua, éilimh fhaofa, íocaíocht ar feitheamh, srl.



- faisnéis a sholáthar, tuarascálacha srl. a bhaineann le caiteachas go tráthúil, lena n-áirítear ábhar le cur san áireamh i bhfaisnéisiú Aireachta nó i gCeisteanna Parlaiminte.
- doiciméid tacaíochta iomlána, chruinne agus cothrom le dáta a bhaineann le hiarratais agus caiteachas a choinneáil.

Féadfaidh an Roinn treoirínte a eisiúint ó am go ham d'údaráis áitiúla maidir leis na scéimeanna.

Eiseofar tuilleadh comhfhreagrais ina ndeimhneofar dátaí maidir le cathain a bheidh an tAonad Uisce Tuaithe sa Roinn ag óstáil ceardlanna chun treoir agus tacaíocht bhreise a chur ar fáil d'fhoireann na n-údarás áitiúil maidir le riaradh na scéimeanna.

Ba chóir ceisteanna maidir leis an gclár seo a sheoladh chuig rural.water@housing.gov.ie.

Mise le meas,

Belinda Treacy
Príomhoifigeach Cúnta
Aonad Uisce Tuaithe
T: +353 (0)96 24338
R: belinda.treacy@housing.gov.ie
S: www.housing.gov.ie www.tithiocht.gov.ie